## CLÁR 3

Comhthéacs: Léirítear sa chlár Folláine seo scoil ina bhfuil 700 scoláire a d'athraigh go dtí ranganna uair an chloig. Mar seo a leanas atá an sampla seo leagtha amach:

- Tréimhse uair an chloig do OSPS agus OSSP i ngach ceann de na trí bliana.
- Tréimhse uair an chloig amháin don Chorpoideachas sa chéad bhliain, agus sa tríú bliain, agus tréimhse dhá uair an chloig sa dara bliain

Cuireann an scoil ar fáil freisin aonaid rothlacha níos giorra, arna ndearadh mar fhreagairt ar riachtanais agus spéiseanna na scoláirí sa dara bliain agus sa tríú bliain, agus dhá cheardlann neamhspleácha do scoláirí na chéad bhliain go luath i Meán Fómhair, chun tacú le scoláirí agus iad ag socrú isteach agus ag cur aithne ar a chéile. Léirítear i líon na n-aonad rothlach líon na ngrúpaí ranga i ngach bliain.

| | AN CHÉAD BHLIAIN | AN DARA BLIAIN | AN TRÍÚ BLIAIN | UAIREANTA AN CHLOIG |
|---|---|---|---|---|
| **Corpoideachas** | Uair an chloig amháin | Dhá uair an chloig | Uair an chloig amháin | 132 |
| **OSSP** | Uair an chloig amháin | Uair an chloig amháin | Uair an chloig amháin | 100 |
| **OSPS** | Uair an chloig amháin | Uair an chloig amháin | Uair an chloig amháin | 100 |
| **AONAID** | **Ceardlanna saindeartha**<br>Ag socrú isteach i mo scoil nua (2 uair an chloig)<br>Tógáil foirne trí ghníomhaíocht choirp (3 uair an chloig) | 5 **aonad rothlacha** (ritheann gach ceann acu ar feadh 6-7 seachtaine/uair an chloig)<br>Mo phobal áitiúil a fhiosrú trí ghníomhaíocht choirp<br>Clár an Acadaimh Athléimneachta[23]<br>Cé mé féin agus mo spriocanna pearsanta a fhiosrú[24]<br>Bia shláintiúil[25]<br>Níos mó ná Féinphic[26] | **5 aonad rothlacha** (ritheann gach ceann acu ar feadh 6-7 seachtaine/uair an chloig)<br>Gach duine éagsúil – gach duine cothrom, ag ceiliúradh na héagsúlachta<br>Scoil Ghníomhach na sraithe sóisearaí<br>Treoir[27]<br>Toiliú a thuiscint[28]<br>Tomhaltas inbhuanaithe: bia & faisean | 68 |

IOMLÁN
**401**
hours

23 Is é an tAcadamh Athléimneachta clár sé seachtaine arna fhorbairt agus arna éascú ag Pieta House do scoláirí sa dara bliain a bhfuil d'aidhm leis uirlisí athléimneachta mothúchánaí a thabhairt don scoláire. Le haghaidh eolais: https://www.pieta.ie/how-we-can-help/prevention-programmes/resilence-academy/

24 Is féidir an t-aonad seo, arna fhorbairt ag an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas, a íoslódáil https://careersportal.ie/guidance/index_junior.php

25 Sa scoil seo tá an t-aonad seo forbartha ag an múinteoir Eacnamaíocht Bhaile ionas go gcuirtear ar fáil leis foghlaim nua don scoláire sin a dhéanann staidéar ar Eacnamaíocht Bhaile na sraithe sóisearaí chomh maith.

26 *#MoreThanASelfie* – clár ceachtanna agus treoir d'éascaitheoirí lena bhfiosraítear an nasc idir íomhá choirp, féinmheas agus meabhairshláinte. Ar fáil ó info@bodywhys.ie

27 Sa scoil seo téann an scoláire ar aghaidh go díreach isteach sa chúigiú bliain mar sin tá treoir tábhachtach sa tríú bliain chun cabhrú leis an scoláire a luachanna, láidreachtaí, spéiseanna agus conairí féideartha gairme a shainaithint agus chun cabhrú leis roghanna oiriúnacha ábhair a dhéanamh don tsraith shinsearach. https://careersportal.ie/guidance/index_junior.php

28 Nascann an t-aonad seo le clár OSPS/OCG agus tacaíonn sé leis, agus déantar é a theagasc le tacaíocht ó ghníomhaireacht sheachtrach.